# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11123 – SUMITOMO / VODAFONE / JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 198/09)

1. An 30 Bealtaine 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sumitomo Corporation ('Sumitomo', an tSeapáin),

— Vodafone Group Plc ('Vodafone', an Ríocht Aontaithe),

— DABCO Limited ('DAB', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Vodafone.

Gheobhaidh Vodafone agus Sumitomo rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar DAB.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda trádála agus infheistíochta é Sumitomo. Infheistíonn sé i ngníomhaíochtaí gnó éagsúla sa tSeapáin agus ar fud an domhain, lena n-áirítear trádáil táirgí miotail, iompar agus tógáil córas, an comhshaol agus bonneagar, na meáin agus táirgí digiteacha, fuinneamh, ceimiceáin agus leictreonaic.

— Is grúpa teileachumarsáide é Vodafone atá gníomhach san Eoraip agus san Afraic. Bíonn sé gníomhach go príomha in oibriú líonraí teileachumarsáide móibíleach agus seasta agus soláthraíonn sé seirbhísí teileachumarsáide móibíleacha agus seasta agus seirbhísí teicneolaíochta.

— Is éard a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó DAB forbairt agus tráchtálú táirgí agus seirbhísí 'gheilleagar na rudaí nithiúla' chun go mbeadh feistí nasctha, feithiclí agus meaisíní in ann cumarsáid, idirbheartú agus trádáil neamhspleách a dhéanamh le chéile, thar ceann úsáideora, agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí amhail an blocshlabhra.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11123 – SUMITOMO / VODAFONE / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË